

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012

**Téama: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol**

Acmhainní do Phobal na Bunscoile:
Baile, Scoil & Paróiste

29 Eanáir–4 Feabhra 2012

**Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:**

Gary Abrahamian; Lloyd Bracken; Jim Cassin; Martin Delaney; Colette Dower; Brenda Drumm; Michael Drumm; Paul Farren; Eileen Flynn; Fiona Gallagher; Maighréad Ní Ghallchobhair; Seán Goan; Maura Hyland; Martin Long; Maeve Mahon; Bernie Martin; Michael Redmond; Maria Spring; Orla Walsh; Eithne Woulfe

# Clár Ábhair

**Ag Ullmhú**

Fáilte 1
Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 Cruinniú Pleanála 2
Ullmhú le hAghaidh Lá na Seantuismitheoirí 4
Spás Beannaithe a Ullmhú 6

**Acmhainní don Pharóiste**
Ag Ceiliúradh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha sa Pharóiste 7

**Acmhainní don Scoil**
Téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 9
An Scoil Chaitliceach 10
Machnamh don Fhoireann, don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí 11

**Acmhainní don Bhaile**
Sa Bhaile: Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 12

**Acmhainní Ranga**
**An Luan:** Corp Beo Chríost Gníomhach Inár mBailte
Tionól chun Tús a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 14
Corp Beo Chríost Gníomhach Inár mBailte. Gníomhaíocht 15

**An Mháirt:** Corp Chríost Beo Inár mBailte
Lá Fhéile Naomh Eoin Bosco 17
Gabhaimid Buíochas as na Daoine a Dhéanann Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Scoil 19

**An Chéadaoin:** Corp Beo Chríost Gníomhach Inár bParóiste
Tionól Ceiliúrtha in Onóir dár Seantuismitheoirí 20
Lá Fhéile Bríde 22

**An Déardaoin:** Corp Beo Chríost Gníomhach Inár dTír
Éarlaimh 24
Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach 2012 25

**An Aoine:** Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol
Lá Fhéile Naomh Blaise 27
Suas Chugatsa! Gníomhaíocht 29
Tionól le Deireadh a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 30

**Tá acmhainní ar fáil sa leabhrán seo a chabhróidh libh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 a cheiliúradh. Tá ábhair ann do na buíonta seo leanas:**

- Na mic léinn sa seomra ranga
- Baill Fhoirne
- Tuismitheoirí
- Baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí
- An pobal ar fud an pharóiste.

Cuireadh dhá chóip den leabhrán i mBéarla chuig gach aon scoil, agus cóip amháin chuig gach aon sagart atá ag feidhmiú i bparóiste.

## Acmhainní

Tá súil againn go gcabhróidh an t-ábhar atá istigh sa leabhrán go mór libh agus ceiliúradh Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012 á dhéanamh. Is féidir na hacmhainní *as Gaeilge* a fháil ag **www.catholicbishops.ie/catholicschoolsweek.** Cuireadh Polainnis ar chuid de na hacmhainní agus tá siad ar fáil ag an suíomh seo chomh maith. Is iad na daoine seo leanas a d'ullmhaigh an pacáiste acmhainní:
Micheál Kilcrann, Elaine Mahon agus Maeve Mahon i gcomhar le Coiste Stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012.

# Fáilte

Tugann an nath 'Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol' dhá smaoineamh éagsúla ach gaolmhar lena chéile chun cuimhne, i dtaobh an teidil 'Corp Chríost'. Dá gcuirfimis ceist ar Chaitlicigh a bhí ag teacht ón Aifreann 'Corp Chríost' a mhíniú dúinn, deiridís gurb é Corp Chríost a ghlacann siad ag an gcomaoin naofa. Mar an gcéanna, dá gcuirfimis ceist orthu cén áit ina bhfaighfí Corp Chríost, deiridís go raibh Corp Chríost le fáil i dtaibearnacal an tséipéil. Bheadh an ceart acu sa dá chás. Tá brí eile le Corp Chríost áfach, a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis. Is í an Eaglais, pobal Dé ar domhan, Corp Chríost. Deir Naomh Agaistín linn go ndearbhaímid go bhfuilimid mar Chorp Chríost gach uile uair a deirimid an tÁiméan agus sinn ag glacadh comaoineach.

Nuair a smaoinímid ar Chorp Chríost agus ar na bunscoileanna Caitliceacha in Éirinn, smaoinímid chomh maith ar ullmhúchán na bpáistí le haghaidh an Chéad Comaoineach a ghlacadh. Ní ar mhaithe leis na páistí a ullmhú le haghaidh an Chéad Comaoineach amháin is cúis leis an Scoil Chaitliceach bheith ar an saol. Tá pobal Críostaí ann a bhíonn ag feidhmiú mar Chorp Chríost gníomhach inár saol.

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012, ba mhaith linn aird a tharraingt ar bheith mar Chorp Chríost ar scoil, sa bhaile, sa pharóiste, sa domhan ina iomláine, díreach mar a dhéanaimid dearbhú air go bhfuilimid mar Chorp Chríost gach uile uair a deirimid an tÁiméan agus sinn ag glacadh comaoineach. Ní aimsítear Corp Chríost i bhfoirgnimh na hEaglaise amháin, ach caithfear é a aithint i ngach uile ghné dár saol.

I mí an Mheithimh 2012, tionólfar an Chomhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Ócáid stairiúil i saol na hEaglaise sa tír seo a bheidh ann. Beidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha mar chuid den ullmhúchán le haghaidh na Comhdhála seo. Ar feadh tamaill fhada tá clog na Comhdhála á thabhairt ar cuairt ar fud na tíre. Is cuid thábhachtach i dtraidisiún na hEaglaise é an clog. Buailtear an clog ar an Domhnach roimh Aifreann, agus cloistear clog an Aingil in aghaidh an lae. Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn, go *dtéimid* chuig áiteanna áirithe i rith an lae, ach go *nglaoitear* orainn freagra domhain a thabhairt ar nithe eile sa saol. *Téimid* chuig an ollmhargadh, *téimid* chuig an bpictiúrlann, *téimid* chuig an gclub spóirt, *téimid* ar an mbaile, ach *glaoitear* chun an tséipéil orainn, *glaoitear* orainn pobal a thógáil, *glaoitear* orainn freastal ar na daoine i ngátar, *glaoitear* chun urnaí orainn. Is rud tábhachtach clog an teampaill dúinn, toisc go gcuireann sé i gcuimhne dúinn nithe eile bheith ar an saol seachas bheith ag dul ó áit go háit. Is cuid de shoiscéal Dé sinn, de phlean Dé ar domhan sinn. Tuigtear dúinn mar Chríostaithe go bhfuil Dia ag glaoch orainn.

Is é téama na seachtaine seo i mbliana ná 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol'. Tugaim cuireadh daoibhse, ar scoil, sa bhaile, sa pharóiste, bheith páirteach i ngníomhaíochtaí na seachtaine seo. Tá go leor acmhainní fóinteacha ar fáil sa leabhrán seo. Bhí an tseachtain seo á cheiliúradh i scoileanna agus i bparóistí ar fud na tíre le blianta beaga anuas. Más rud é nár ghlac do scoil féin, nó do pharóiste féin páirt sna himeachtaí go dtí seo, tugaim cuireadh daoibh a leithéid a dhéanamh i mbliana.

I rith an Aifrinn deirimid an tÁiméan nuair a bhíonn Corp Chríost á ghlacadh againn sa chomaoineach, ach caithfimid 'Áiméan' a rá chomh maith ionas go mbeimid mar Chorp Chríost ar domhan. I rith na seachtaine seo déanaimid ceiliúradh ar na scoileanna mar chuid d'iarracht phobal Dé bheith go fírinneach mar Chorp Chríost gníomhach inár saol.

Michael Drumm

**Michael Drumm**
Cathaoirleach
Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha

# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 Cruinniú Pleanála

An fáth go mbíonn cruinniú pleanála ann ná chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na heilimintí de na hacmhainní a bheidh á chur chun cinn ag do phobal scoile féin, agus ag an bparóiste, i rith na seachtaine seo.
Tabhair cuireadh d'ionadaithe ó fhoireann na scoile, ón mBord Bainistíochta/Gobharnóirí, ón gComhairle/Comhlachas Tuismitheoirí, ó fhoireann an Pharóiste agus do shéiplíneach na scoile chomh maith, teacht chuig cruinniú. An sprioc a bheadh roimh an gcruinniú seo ná cinneadh a dhéanamh faoi na heilimintí de na hacmhainní a d'fhéadfadh an pobal i do scoil féin agus sa pharóiste i gcoitinne béim a leagan orthu i rith na seachtaine. D'fhéadfadh na hábhair seo leanas a bheith faoi chaibidil ag a leithéid de chruinniú:

**1. Téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012**

**Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol**

Is féidir míniú faoin téama a fháil ar leathanach 9.

**2. An Paróiste**

Déan plé faoi cheiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ag Aifreann an Domhnaigh sa pharóiste ar an 29 Eanáir.
*Tá acmhainní liotúirgeacha agus moltaí le haghaidh cheiliúradh an Aifrinn seo le fáil ar leathanach 7.*
D'fhéadfadh an paróiste páirt a ghlacadh trí:

- óstáil a dhéanamh ar Lá na Seantuismitheoirí' 1 Feabhra
- cabhair a thabhairt le taispeántas a chur in airde a léireoidh an bealach ina ndéanann Scoileanna Caitliceacha an pharóiste Corp Beo Chríost bheith gníomhach i measc an phobail agus ar fud an tsaoil
- díospóireacht a reáchtáil i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha maidir le tábhacht an oideachais Chaitlicigh.

**3. An Scoil**

Baineann a théama féin le gach aon lá de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 agus tá acmhainní oiriúnacha in aghaidh an lae ann do ghníomhaíochtaí ranga. D'fhéadfá plé a dhéanamh ag an gcruinniú seo maidir le himeachtaí a chur ar fáil ina bhféadfadh pobal na scoile ina iomláine, agus pobal an pharóiste páirt a ghlacadh iontu.



**4. Lá na Seantuismitheoirí 1 Feabhra**

Is gné thábhachtach den oideachas Caitliceach é an tiomantas a bhaineann leis go ndéanfar tógáil ar thraidisiún an oideachais Chaitlicigh sa cheantar agus sa scoil áirithe a bhaineann leis. Is cloch chora i dtreo na todhchaí í oidhreacht shaibhir na scoile. Bíonn Seantuismitheoirí mar nasc ríthábhachtach a chabhraíonn le daltaí na scoile buíochas a ghabháil as mórghníomhartha na scoile agus iad ag tabhairt aghaidh go dóchasach ar an todhchaí.

Is cuid dhílis de Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha an lá seo leis na blianta. Más rud é nár ghlac an scoil seo agaibhse páirt sa cheiliúradh seo go fóill, iarraimid oraibh bheith páirteach i mbliana.

Ar leathanaigh 4 agus 5 den leabhrán seo gheobhaidh tú moltaí ó thaobh ullmhúcháin de, agus Tionól Urnaí do Lá na Seantuismitheoirí. Bí cinnte faoi, cuirí a chur amach le haghaidh Lá na Seantuismitheoirí a luaithe agus is féidir.



**5. Timpeallacht na Scoile**

Conas a bheadh a fhios ag cuairteoirí chun na scoile go raibh imeachtaí Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha ar siúl? Glac leis an deis seo chun áiteanna ar scoil a aithint ina mbeadh íomhánna naofa, Spás Beannaithe, dealbha agus pictiúir chráifeacha, cláir thaispeána le sonrú, nó athnuachan le déanamh orthu, nó cur leo, mar ullmhúchán ar mhaithe leis an gceiliúradh. Chabhródh an Comhlachas Tuismitheoirí lena leithéid, b'fhéidir. Féach ar na moltaí a dtugtar ar leathanach a sé.

**6. Tuismitheoirí**

- Tá acmhainn ar fáil ar na leathanaigh 12 – 13 a chabhródh le tuismitheoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Caithfear na leathanaigh seo a fhótachóipeáil ar chúl a chéile. Déan machnamh faoin mbealach a b'fhearr a bheadh ann lena scaipeadh i measc na dtuismitheoirí.

**7. An Fhoireann, agus an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí**

- Tá machnamh ar fáil ar leathanach 11 le go bhféadfadh an fhoireann agus an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí smaoineamh a dhéanamh ar an obair a dhéanann siad maidir leis an Oideachas Caitliceach. Tá ráiteas ann freisin ar leathanach 10 i dtaobh na Scoileanna Caitliceacha. I rith na míonna atá le teacht bíodh plé eadraibh ag cruinnithe foirne, leis an mBord Bainistíochta/Gobharnóirí agus Comhlachas/Comhairle tuismitheoirí faoi conas mar a oireann sé do bhur scoil féin. Spreag na baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí agus an Comhlachas/Comhairle Tuismitheoirí bheith i láthair ag an uile imeacht a reáchtálfar le haghaidh Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012.

# Ag Ullmhú Le hAghaidh Lá na Seantuismitheoirí

## Déanaimis na Seantuismitheoirí a Cheiliúradh!

Is féidir na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm ar an ullmhúchán le haghaidh 'Lá na Seantuismitheoirí', An Chéadaoin 1 Feabhra. Is féidir cuid den obair chríochnaithe a chur ar taispeáint nó a bhronnadh ar Sheantuismitheoirí nuair a thagann siad ar chuairt chun na scoile nó chun an ranga.

## 1. Scríobh/Tionscadal/Gníomhaíochtaí IT

- Scríobh aiste mar gheall ar Sheantuismitheoirí
- Cuimhní cinn den am a chaith mé le mo Sheantuismitheoirí a chlárú i leabhar gearrthóg
- Conas mar a bhí cúrsaí scoile in aimsir na Seantuismitheoirí
- Na rudaí is ansa linn a dhéanamh le chéile ...
- An dán/scéal/urnaí/oideas is fearr le mo Sheantuismitheoir

## 2. Imeachtaí Ealaíne

**Cárta Puzail**
Greamaigh grianghraf díot féin ar chairtchlár agus ansin déan cúig nó sé phíosa mhóra as. Déan cárta, maisigh an taobh amuigh agus scríobh na focail 'Cé a Thugann Grá Duit?' taobh istigh den chárta.  Cuir an grianghraf gearrtha isteach sa chárta.

**Craobh Ghinealaigh**
Cuir marla nó taos súgartha isteach i mbun chupáin plaisteach. Brúigh craobhóg le cuid mhaith géaga air isteach sa chré agus déan deimhin de go seasann sé suas díreach. Déan duilleoga móra a ghearradh de leathanach glas. Tabhair cuireadh do na páistí ainmneacha siblíní, tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus daoine eile a scríobh ar na duilleoga. Mar mhalairt air seo d'fhéadfadh páistí pictiúir de na baill teaghlaigh a tharraingt nó a ghreamú ar na duilleoga. Déan poll i ngach duilleog agus croch ar an gcraobhóg iad le cordaí nó le réiteoirí píopa. Cuir na páistí agus na siblíní ar barr, ansin na tuismitheoirí, aintíní, uncailí, agus cuir na Seantuismitheoirí ar an mbun.

**Cairde na Soininne /Pictiúr**
Ar leathanach A4 tarraing bláth agus cuir grianghraf de pháiste ina lár. Ansin tarraing pictiúr den ghrian agus cuir grianghraf den seantuismitheoir ina lár. Scríobh na focail 'Is Tusa mo Chara Soininne' ar an leathanach.

**Tá cion agam ort toisc ...**
Déan colláis dar teideal 'Tá Cion Againn ar Sheantuismitheoirí Toisc ... ' leis an rang.

## 3. Oilithreacht Bhliantúil na Seantuismitheoirí Caitliceacha ar Chnoc Mhuire

Tabhair cuireadh do na páistí dánta nó paidreacha a scríobh mar gheall ar na Seantuismitheoirí. Tabharfar na dánta agus na paidreacha chun na haltóra i gCnoc Mhuire i rith an Aifrinn a dhéanann ceiliúradh ar oilithreacht na Seantuismitheoirí, i mí Mheán Fómhair na bliana. Coimeádtar na paidreacha ansin i gCnoc Mhuire, agus má dhéanann Seantuismitheoirí cuairt a thabhairt ar an scrín bíonn na paidreacha a scríobh na garpháistí ann rompu le léamh. Is féidir dánta agus paidreacha a chur sa phost chuig Aontas na Seantuismitheoirí Caitliceacha, An Meal, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag www.nationalgrandparentspilgrimage.com/home.

# Machnamh Faoi Sheantuismitheoirí

*Tabhair cuireadh do pháistí cuid den mhachnamh seo leanas mar gheall ar Sheantuismitheoirí a léamh ag an tionól a dhéanann ceiliúradh ar na Seantuismitheoirí ar an gCéadaoin. Mar mhalairt air, d'fhéadfadh páistí a smaointe féin a nochtadh.*

'Is féidir le Seantuismitheoirí sinn a spreagadh, a dhearbhú go bhfuil tábhacht ag baint linn, treoir a thabhairt dúinn faoi conas a mhothaíonn sé nuair a bhíonn grá ag duine duit.
Míníonn siad an bhrí atá le bheith éagsúil nó uathúil dúinn.
Tugann siad cead agus deis dúinn lúcháir an tsaoil a bhlaiseadh.
Ceanglaíonn siad lenár dtuismitheoirí, lenár siblíní, lenár gcol ceathracha agus lenár gclann féin sinn.
Ceanglaíonn siad leis an am atá thart sinn, agus tugann siad dóchas don todhchaí dúinn.
Fiú nuair a bhíonn siad ar shlí na fírinne, bíonn siad i gcónaí inár bhfochair againn trí na cuimhní atá againn, ionas gur féidir linn iad a chloisteáil, a bholadh, a fheiceáil, a bhlaiseadh, teagmháil a dhéanamh leo agus lena saol siúd.' (An Dochtúir Luci Bearon)

## Cad is Seantuismitheoir Ann?

*(Is le páistí ocht mbliana d'aois na tuairimí seo leanas)*

Fear agus bean nach bhfuil páistí óga dá gcuid féin acu is ea na Seantuismitheoirí. Is aoibhinn leo páistí daoine eile.

Fear atá i nDaideo, agus is bean í an Mhamó!

Ní bhíonn aon rud eile le déanamh ag Seantuismitheoirí seachas bheith sa bhaile nuair a thugaimid cuairt orthu.

Tá siad chomh sean sin nach ceart dóibh rith nó tréanimirt a dhéanamh. Is maith an rud é go dtabharfaidís chun an tsiopa sinn agus airgead a bhronnadh orainn.

Nuair a bhímid ar shiúlóid lena chéile, téann siad go mall in aice le rudaí ar nós duilleoga áille agus boilb.

Taispeánann siad agus labhraíonn siad faoi dhathanna na mbláthanna linn agus míníonn siad cén fáth nár cheart dúinn seasamh ar ghága an chosáin.

Ní deir siad, 'Brostaígí oraibh' linn.

Ní gá do Sheantuismitheoirí bheith cliste.

Caithfidh siad ceisteanna mar 'Cén fáth nár phós Dia?' agus 'Cén fáth go leanann na madraí na cait?' a fhreagairt.

Nuair a léann siad leabhar dúinn, ní ghabhann siad thar ghiotaí. Is cuma leo má iarraimid an scéal céanna arís is arís eile.

Ba cheart go mbeadh Mamó ag gach uile dhuine, agus go háirithe mura mbíonn teilifís agat. Is iad na seantuismitheoirí amháin na daoine gur breá leo am a chaitheamh linn.

Tuigeann siad gur ceart go mbeadh sneaic roimh am soip againn, agus guíonn siad linn agus bronnann siad póigíní orainn fiú nuair a bhímid dána.

Tá cónaí ag mo Mhamó ag an aerfort, agus nuair a theastaíonn uainn, téimid ann chun í a thabhairt abhaile linn. Nuair a bhíonn an chuairt thart, tugaimid ar ais chun an aerfoirt í.

Is é mo Dhaideo an duine is cliste ar domhan! Múineann sé scileanna maithe dom, ach ní bhím ina theannta minic go leor le go bhféadfainn a bheith chomh cliste agus atá seisean!



# Spás Beannaithe a Ullmhú

Is bealach simplí éifeachtach é Spás Beannaithe a shuí in aice le príomhdhoras na scoile chun éiteas Caitliceach na scoile a léiriú. Nuair a thagann cuairteoirí chun na scoile tuigtear dóibh go bhfuil siad ag teacht isteach in áit ina dtugtar aitheantas don ní naofa, agus go ndéantar é a cheiliúradh anseo chomh maith. Bíonn áit a ndearnadar féin ag pobal na scoile, áit a ndéanann siad cothabháil air, áit ina gceiliúrtar saol saibhir siombalach na Scoileanna Caitliceacha. Tugtar aird anseo don bhliain eaglasta, déantar comóradh ar Fhéilte na Naomh agus ar Laethanta Naofa, ar ócáidí tábhachtacha i saol na scoile, agus déantar an creideamh a roinnimid a fhógairt go neamhbhalbh. Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha deis dúinn Spás Beannaithe a chruthú, mura mbíonn ceann againn cheana féin, agus tugann sé fócas nua d'áiteanna atá seanbhunaithe.

**Is cinnte go mbeidh na rudaí seo mar eochairghnéithe den Spás Beannaithe:**

- Éadach daite a thugann le fios cén t-am den Bhliain Liotúirgeach atá ann. Toisc go dtarlaíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i rith Thráth Saor na Bliana bíodh dath glas ar an éide.
- Coinneal. Déan machnamh faoi choinneal an Chomhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach a chur sa Spás Beannaithe i mbliana. Is féidir na coinnle seo a ordú ag www.iec2012.ie agus tá réimse toisí agus praghsanna leo. Is féidir an lógó atá ar leathanach 31 den leabhrán seo a úsáid chun coinneal na Comhdhála IEC a chruthú, chomh maith.
- Cóip den Bhíobla oscailte ar sheastán, a léiríonn Soiscéal an Domhnaigh seo nó léacht an lae.
- Uisce Coisricthe
- Má tá gaol láidir ag an scoil le Naomh áirithe, ba mhaith an rud é dealbh den Naomh sin bheith curtha ar taispeáint sa Spás Beannaithe.

**I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha cuir iad seo leis an Spás Beannaithe:**

- Pictiúir a léiríonn imeachtaí na scoile ina mbíonn an fhoireann agus na mic léinn ag feidhmiú mar 'Chorp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol'
- Ainmneacha na n-eagras agus na ngrúpaí a fhaigheann cabhair ón scoil
- Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 ná:'(Ainm na scoile) – Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol'. D'fhéadfaí colláis, meirge nó póstaer a dhéanann na páistí a chruthú leis na focail seo
- Mana/suaitheantas/pictiúr na scoile nó pictiúr/dealbh an éarlaimh
- Crosóg Bhríde
- Grianghraif ó Lá na Seantuismitheoirí agus ó imeachtaí eile ó Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo caite.

**Ionaid Taispeántais**

D'fhéadfaí na hoidí a spreagadh chun taispeántais a chur ar fáil sa seomra ranga nó i ndorchla, taispeántais a léireodh an téama "Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol" i rith na seachtaine seo.








# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 ar an Domhnach 29 Eanáir, an Cheathrú Domhnach Saor. Le trí bliana anuas thug paróistí ar fud na tíre freagairt fhlaithiúil chruthaitheach don chuireadh a tugadh dóibh am a chur i leataobh chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcion oibre a dhéanann na Scoileanna Caitliceacha i measc an phobail. Is féidir an ceiliúradh seo a dhéanamh ar iliomad bealaí, i rith Liotúirge an Domhnaigh, trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí scoileanna an pharóiste, agus trí dheiseanna a chruthú ionas gur féidir le pobal an pharóiste teagmháil a dhéanamh le pobal na scoile. Tá iliomad bealaí inar féidir leis na paróistí ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, agus cabhróidh na moltaí seo thíos leis sin.



## Ceiliúradh na hEocairiste ar an gCeathrú Domhnach Saor

Má tá Coiste Liotúirgeach agaibh, bí cinnte faoi eolas maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha bheith acu a luaithe agus is féidir, ionas gur féidir leis na baill páirt a ghlacadh in ullmhúchán an Aifrinn seo. Spreag iad chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha mar imeacht bliantúil i saol an pharóiste. Cuirtear tús leis i gcónaí ar an Domhnach deiridh de mhí Eanáir.

- Déan machnamh faoin mbealach is fearr inar féidir leis na scoileanna i do dhúiche féin páirt a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste ar an Domhnach seo. Déan cruinniú a ghairm leis na príomhoidí is na múinteoirí cúpla seachtain roimh Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha. Bíodh plé eadraibh maidir leis na bealaí éagsúla inar féidir obair na Scoileanna Caitliceacha a aibhsiú, agus a cheiliúradh i rith liotúirge an lae sin (féach leathanach 2). Tabhair cuireadh d'ionadaí ón nGrúpa Liotúirge bheith i láthair ag an gcruinniú seo.
- Tá na léachtaí, guí an phobail, agus araile le haghaidh an cheathrú Domhnach saor le fáil in eagrán na Nollag/Eanáir de *Intercom*. Tá nótaí aithisc ann chomh maith maidir leis an gCeathrú Domhnach Saor in eagrán mhí Eanáir den iris *The Furrow*. Bíodh tuairim agaibh faoin duine a b'fhearr a léifeadh Briathar Dé ag an Aifreann, ball foirne, nó ball den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí, b'fhéidir. Ar mhaith le dalta áirithe an Salm/Alleluia a chanadh? Déan na páistí atá ag ullmhú don Chóineartú a spreagadh le go scríobhfaidís agus go léifidís paidir le haghaidh Ghuí an Phobail.
- Is é téama Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol', agus tógtar é ó 'Though We Are Many', iomann a scríobhadh ach go háirithe don Chaogadú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach a bheidh ar siúl i mBaile Átha Cliath idir an 10 – 17 Meitheamh, 2012. D'fhéadfadh na leanaí an t-iomann seo a chur de mheabhair agus é a chanadh ag an Aifreann Domhnaigh seo. Is féidir éisteacht leis an gceol seo agus é a íoslódáil ón suíomh www.iec2012.ie. An dtabharfá cuireadh do pháiste scoile teacht agus coinneal Chomhdháil Idirnáisiúnta Chorp Chríost a lasadh sula gcuirtear tús leis an Aifreann?



## Nuachtlitir an Pharóiste

Déan deimhin de go gcuirtear Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha os comhair an phobail trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Bí cinnte go luaitear imeachtaí sonracha poiblí atá beartaithe do do pharóiste féin. Tá téacs samplach anseo:

> Is é an Domhnach 29 Eanáir an chéad lá de Sheachtain Na Scoileanna Caitliceacha 2012. An cuspóir atá roimhe ná ceiliúradh a dhéanamh agus aird a tharraingt ar an gcion tairbhe iontach a dhéanann na Scoileanna Caitliceacha do shaol an phobail áitiúil, agus don tsochaí i gcoitinne.  An téama atá ann i mbliana ná **Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol**
>
> Beidh ár bparóiste féin ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo trí ...

Cuir ceist ar dhaltaí na scoile an nuachtlitir a scaipeadh an Domhnach beag seo.

## Aonaid Taispeána

An bhféadfá comhoibriú leis an scoil agus aonad taispeána a thógáil a léireodh na bealaí ina mbíonn scoileanna an pharóiste ag feidhmiú mar 'Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol'? Léireofaí anseo an obair a dhéanann na scoileanna maidir le carthanachtaí áitiúla agus náisiúnta, an tionchar ar an bpobal áitiúil, agus aon ghníomhaíocht ábhartha eile.

## Bord Bainistíochta

Beidh Boird Bhainistíochta nuathofa ann in Éirinn agus ba mhaith an rud é an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis na baill a d'fhreastal ar an mBord roimhe seo, agus aitheantas a thabhairt do na baill nua.

## An Chomhairle Thréadach

- Cuir Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha in iúl don Chomhairle Thréadach agus ceistigh iad maidir leis an mbealach ina ndéanfar ceiliúradh i mbliana air. Déan machnamh ar ócáid a óstáil ina ndéanfaí plé ar thábhacht an Oideachais Chaitlicigh in Éirinn an lae inniu.

## An Scoil

- Ba mhaith an rud é go dtabharfadh an séiplíneach cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine seo. Cabhróidh an pacáiste acmhainní a bhaineann le Seachtain Na Scoileanna Caitliceacha le fócas a thabhairt daoibh toisc go bhfuil téama oibre in aghaidh an lae ann. Ar Lá Fhéile Naomh Blaise d'fhéadfaí scornach a bheannú de na mic léinn i gcuid de na seomraí ranga.
- Déan na scoileanna a spreagadh le go nglacfaidís páirt i Lá na Seantuismitheoirí ar an 1 Feabhra.
- Tugaigí cuairt ar an seomra foirne i rith na seachtaine, agus bíodh brioscaí nó císte agaibh!
- Bain úsáid as an machnamh don fhoireann agus don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí atá le sonrú ar leathanach 11 le go ndéanfadh cách smaoineamh ar an obair a dhéanann siad ó thaobh an Oideachais Chaitlicigh de.

Tá sraith ráiteas a bhaineann leis an Scoil Chaitliceach ar leathanach 10. Déan machnamh faoin mbealach ina gcuireann siad síos ar fhoireann do scoile féin, ar an mBord Bainistíochta/Gobharnóirí agus ar bhur gComhlachas/Comhairle Tuismitheoirí féin ag cruinnithe a reáchtáiltear i rith na míonna le teacht.

# Téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012

## Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

Ní bheidh deis níos fearr againn ceiliúradh a dhéanamh ar na Scoileanna Caitliceacha agus ar an mbealach ina gcuireann siad leis an tsochaí Éireannach, ná mar atá againn i saol an lae inniu. Tá plé agus ceistiúcháin dian á ndéanamh ar fud na tíre faoi ról an oideachais Chaitlicigh i saol na tíre, agus faoin gceart atá ag tuismitheoirí an saghas áirithe seo oideachais a roghnú dá bpáistí. Is cinnte go bhfuil géarghá le díospóireacht dá leithéid, agus go bhfuil gá ann chomh maith le héagsúlacht modhanna scolaíochta bheith ar fáil. Caithfidh na daoine sin a gcreideann san oideachas Caitliceach, agus iadsan a ghlacann páirt ann labhairt amach agus brí agus réasúnaíocht an oideachais Chaitlicigh a mhíniú don saol. Caithfidh na Scoileanna Caitliceacha bheith i lár an aonaigh maidir le míniúcháin agus soiléiriú a thabhairt faoin gcion oibre uathúil a dhéanann siad ar son an chórais oideachas. Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 deis amháin den chineál seo dúinn, agus tugann an téama a roghnaíodh chuige léargas ar na bealaí éagsúla ina ndéanann spiorad agus saintréithe na Scoileanna Caitliceacha na daltaí agus an fhoireann a spreagadh agus an cumas a thabhairt dóibh le gur féidir leo athruithe a chur i bhfeidhm ar an saol, an Soiscéal a chur i gcrích agus bheith mar Chorp Chríost beo inár saol.

Tagann téama na bliana seo ó aintiún an Chaogadú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach 2012 agus luíonn sé go maith le téama na Comhdhála féin - ‘An Eocairist, Comhpháirteachas le Críost agus Lena Chéile”.

**Véarsa 3** – ‘Though we are many’:

> ‘Agus tríd an Eocairist a roinnimid lena chéile
> Déantar pobal beo na hEaglaise dínn.
> Bímid mar fhinnéithe ar ghrá Chríost,
> A chorp beo gníomhach inár saol.’

Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 deiseanna dúinn machnamh a dhéanamh air gur áiteanna iad na scoileanna seo againne ina **spreagtar gach aon pháiste bheith dílis don duine a chruthaigh Dia iontu**, mar a dúirt Naomh Caitríona Siena, ionas go gcuirfidh siad tine faoin domhan agus iad a bheith go fírinneach mar Chorp beo Chríost gníomhach inár saol.

Is pobail iad na comhluadair sna Scoileanna Caitliceacha ina gcuirtear Críost go leanúnach os ár gcomhair ar bhealaí úra neamhthuartha.

### Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

Bíonn áit lárnach i saol na Scoileanna Caitliceacha ag an gceiliúradh liotúirgeach agus ag an am urnaí, rudaí a chuireann cruth ar rithim an lae. Is ag na hamanna seo a dtugtar cuireadh ar leith don fhoireann agus do na mic léinn, spreagtar iad agus cuirtear an dúshlán rompu bheith mar Chorp Chríost i ngach aon ghné den saol a bhaineann le pobal na scoile. Nuair a bhailíonn pobal na Scoileanna Caitliceacha lena chéile chun an tAifreann a cheiliúradh, tuigtear dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le Briathar Dé. Tuigeann siad chomh maith, tar éis dóibh Arán na Beatha a ithe agus buíochas a ghabháil as an gcion atá ag Dia orthu, go n-iarrfar orthu dul amach agus bheith mar Chríost dá chéile. Gach uile uair a dhéanaimid ceiliúradh ar an Eocairist lena chéile mar phobal, cruinnítear sinn, cothaítear sinn, agus cuirtear amach sinn, agus ní aon ionadh é go mbíonn na gníomhartha céanna seo le sonrú in obair phobal Scoileanna Caitliceacha nuair a chruinnítear, cothaítear agus seoltar amach na daoine óga le bheith mar Chríost os comhair an domhain.

# Is sa Scoil Chaitliceach ...

- A bhíonn ministreacht agus misean Chríost go smior inti
- A thógtar timpeallacht chomhbhách ina mbíonn cásmhaireacht atá fréamhaithe sa teagasc sóisialta Caitliceach ann, don uile dhuine
- A thógtar timpeallacht shlán shona, áit ina mbíonn spreagadh ann don uile pháiste agus go gcuirtear ar a gcumas forbairt iomlán a dhéanamh ar an gcumas atá iontu mar dhaoine daonna uathúil, daoine a cruthaíodh ar dheilbh Dé
- A lorgaítear ardchaighdeán oideachasúil agus an scoil bheith dílis go fóill don fhís agus don mhodh oibre faoi leith a bhaineann leis
- A bhíonn comhluadar uileghabhálach measúil a chuireann fáilte roimh an uile dhuine óg, is cuma an mbaineann siad le haicme chreidimh nó nach mbaineann
- A thugtar aitheantas don ról atá ag na tuismitheoirí mar chéad oidí maidir le cúrsaí creidimh agus cuirtear deiseanna ar fáil dóibh bheith páirteach i saol na scoile
- A chuirtear chuige i gcomhar leis na tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun lóchrann an dóchais a adhaint
- A chuirtear clár theagasc creidimh ar fáil a dhearbhaíonn agus a dhoimhníonn an tuiscint a bhíonn ag na páistí maidir leis an gcreideamh Caitliceach ionas go mbeidh ar chumas an uile dhuine acu bheith chomh deisbhéalach faoin gcreideamh agus a bhíonn maidir le gnéithe eile an churaclaim
- A chothaítear an tuiscint agus an meas a bhíonn ag an dalta ar shaol sacraimintiúil na hEaglaise
- A chuirtear na siombailí a bhaineann lenár dtraidisiún saibhir Caitliceach ar taispeáint
- A chaitear am mar chomhluadar scoile ann, ag machnamh, ag urnaí, i ndeasghnátha, ag ceiliúradh na hEocairiste agus na sacraimintí eile, chun forbairt a dhéanamh ar shaol spioradálta an uile dhuine i bpobal na scoile.

Bunaithe ar *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn* (Litir Thréadach ó Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann)

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012
Catholic Schools Week 2012

# Machnamh don Fhoireann agus don Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí



Is féidir machnamh gearr le haghaidh na foirne agus le haghaidh bhaill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí a bhunú ar an méid atá thíos maidir le féiniúlacht na Scoileanna Caitliceacha.

Beidh an bhliain 2012 mar bhliain thábhachtach ó thaobh na Scoileanna Caitliceacha in Éirinn:

- Tionólfar an Chomhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach i mBaile Átha Cliath ón Domhnach 10 Meitheamh go dtí an Domhnach 17 Meitheamh 2012
- Foilseoidh Rialtas na hÉireann Ireland tuarascáil maidir le torthaí an fhóraim ar phátrúnacht agus iolrachas san earnáil bhunscolaíochta
- I dTuaisceart Éireann, tá struchtúir nua le haghaidh an oideachais (ESA) á chur i bhfeidhm, agus beidh tionchar nach beag acu ar Scoileanna Caitliceacha.

Nuair a bhíonn athruithe á cur i bhfeidhm ar an saol, is ríthábhachtach an rud í an fhéiniúlacht. Tá leagan amach na Scoileanna Caitliceacha go mór faoi thionchar pholasaithe agus smaointe úra maidir leis an oideachas, agus beidh athrú cló suntasach ag teacht orthu ó Thuaidh agus sa Phoblacht sna blianta beaga atá romhainn. Ní ceart go mbeadh amhras ar bith ar na Scoileanna Caitliceacha sa chás seo má bhíonn siad dílis don fhéiniúlacht a bhaineann leo. Má leanann siad an t-éiteas Caitliceach spreagfar iad chun oideachas agus foirmiú a chur ar fáil de réir mianta na dtuismitheoirí Caitliceacha.

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 ná 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol'. Cuireann an ráiteas seo féiniúlacht na Scoileanna Caitliceacha go soiléir in iúl.

An tábhacht a bhaineann leis an Aifreann ná go bhfuil Críost i láthair ar bhealach réalaíoch nuair a bhailíonn an pobal le chéile. Fógraítear an Briathar, bristear arán lena chéile, roinntear Corp Chríost. Is práinneach mar sin an glao atá á chur orainn saol Chríost a chaitheamh go grámhar i ngnáthchúrsaí an lae agus sa ghaol a bhíonn againn lena chéile.

Is sinn féin a thugann sainmhíniú ar an Eaglais bheith mar Chorp Chríost. Is cuid de phobal na scoile iad an uile dhuine a dhéanann an corpas sin, díreach mar a bhíonn na géaga mar chuid de chorp an duine. Bíonn pobal na Scoileanna Caitliceacha a thugann aire dá mbaill ag amanna ríthábhachtacha ina saol, ag feidhmiú mar an Eaglais áitiúil a chuireann Críost os ár gcomhair ar bhealaí úra gan choinne. An misean atá roimh an uile dhuine i bpobal na scoile ná bheith mar fhinnéithe agus mar fhógróirí ghrá Chríost os comhair an tsaoil. Is dá bhrí sin a thugaimid Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol ar na Scoileanna Caitliceacha.

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012, spreagtar na Scoileanna Caitliceacha le deiseanna a thabhairt do na mic léinn cruinniú lena chéile, machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar an Eocairist agus Críost beo ar scoil a aithint dá bharr– ionas go gciallóidh A láithreacht ann go mairfidh cách mar phobal a roinneann go grámhar i gcomhpháirteachas lena chéile.

Ábhar machnaimh maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012:

- An mbaineann sainiúlacht láidir leis na Scoileanna Caitliceacha?
- Cé chomh tábhachtach agus atá an Eocairist maidir le féiniúlacht na Scoileanna Caitliceacha a chruthú?
- Cén tionchar a bheidh ag torthaí an fhóraim ar phátrúnacht agus iolrachas san earnáil bhunscolaíochta sa Phoblacht, agus na struchtúir nua le haghaidh an oideachais i dTuaisceart Éireann ar na Scoileanna Caitliceacha?

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 – An tEaspag Brendan Kelly

# Sa Bhaile
# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012

A Thuismitheoir(í),

Ní bheidh deis níos fearr againn ceiliúradh a dhéanamh ar na Scoileanna Caitliceacha agus ar an mbealach ina gcuireann siad leis an tsochaí Éireannach, ná mar atá againn i saol an lae inniu. Tá plé agus ceistiúcháin dian á ndéanamh ar fud na tíre faoi ról an oideachais Chaitlicigh i saol na tíre, agus faoin gceart atá ag tuismitheoirí an saghas áirithe seo oideachais a roghnú dá bpáistí. Is cinnte go bhfuil géarghá le díospóireacht dá leithéid, agus go bhfuil gá ann chomh maith le héagsúlacht modhanna scolaíochta bheith ar fáil. Caithfidh na daoine sin a gcreideann san oideachas Caitliceach, agus iadsan a ghlacann páirt ann labhairt amach agus brí agus réasúnaíocht an oideachais Chaitlicigh a mhíniú don saol. Caithfidh na Scoileanna Caitliceacha bheith i lár an aonaigh maidir le míniúchán agus soiléiriú a thabhairt faoin gcion oibre uathúil a dhéanann siad ar son an chórais oideachas. Tugann Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2012 deis amháin den chineál seo dúinn, agus tugann an téama a roghnaíodh chuige 'Scoileanna Caitliceacha: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol' léargas ar na bealaí éagsúla ina ndéanann spiorad agus saintréithe na Scoileanna Caitliceacha na daltaí agus an fhoireann a spreagadh agus an cumas a thabhairt dóibh le gur féidir leo athruithe a chur i bhfeidhm ar an saol, an Soiscéal a chur i gcrích agus bheith mar Chorp Chríost beo inár saol.

**Déan machnamh ar fhocail an urnaí seo a scríobh Naomh Treasa Avila.**

*Níl corp ar bith ag Críost, seachas do chorp féin,*

*Níl lámh ná cos ar domhan aige, seachas do chuidse*

*Is le do shúile a bhreathnaíonn sé ar an domhan seo,*

*Is leatsa na cosa a iompraíonn é chun an mhaitheas a dhéanamh*

*Is leatsa na lámha lena gcuireann sé a bheannacht ar phobal an domhain*







**Níl corp ar bith ag Críost ar domhan, seachas mo chorp féin.**

**Tá sé ag brath ormsa, mar dhuine dá lucht leanúna, agus mar bhall dá mhuintir féin, bheith ag feidhmiú ar a shon.**

I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, tá sáriarracht á dhéanamh agam bheith mar Chorp Beo Chríost sa bhaile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rinne mé mo sheandícheall mar seo i rith na seachtaine ...<br><br>M'ainm: ______________________ | **An Luan** | **An Mháirt** | **An Chéadaoin** |
| **An Déardaoin** | **An Aoine** | **An Satharn** | **An Domhnach** |



**Mo Thuismitheoir(í):** ______________________________________________

**Mo Mhúinteoir:** ______________________________________________

ACMHAINNÍ DON BHAILE

# An Luan: Tionól le Tús a Chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha

**De dhíth ort:**

- Duine chun an tionól a threorú
- Cúigear páiste a léifidh na hurnaithe thíos
- Spás Beannaithe ina mbeidh coinneal, Bíobla, cros, agus uisce coisricthe. B'fhéidir go mbeidh craobh phailme uait ionas gur féidir a bhfuil i láthair a bheannú le huisce coisricthe*
- CD nó ceol oiriúnach bheith ar fáil chun tionlacan a sholáthar le haghaidh ceann de na hiomainn seo:
  - 'Bailímis le Chéile' (*Beo go Deo 7*)
  - 'Críost mo Sholas' (*Beo go Deo 7*)

**Treoraí:** Bail ó Dhia oraibh ar maidin agus fáilte romhaibh chuig an tionól seo, a dhéanann tús Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh. Tosaímid in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, Áiméan.

Tá ceiliúradh á dhéanamh ar maidin i scoileanna ar fud na tíre. Táimid bródúil as bheith mar scoileanna Caitliceacha. Aontaímid leo inniu agus an ghuí seo á dhéanamh ar maidin againn.

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol.

Beidh iarracht ar leith á dhéanamh ag pobal na scoile seo in aghaidh an lae, feidhmiú mar a dhéanfadh Íosa, agus a ghrá a thabhairt ar domhan i rith na seachtaine seo. Is ar an mbealach seo a thabharfaimid le fios gur lucht leanúna Chríost atá ionainn, agus gur scoil Chaitliceach go fírinneach atá againn anseo.

Guímis ar son na ndaoine a chabhraíonn linn bheith mar Chorp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol. Is é an freagra ná, *'A Thiarna bí ceannsa agus éist linn.'*

**Léitheoir 1:** Guímid ar son ár dtuismitheoirí agus ár gcaomhnóirí, iadsan a chéad thug an spreagadh dúinn maireachtáil ar nós Íosa agus toil Dé a dhéanamh. *A Thiarna éist linn.*

**Léitheoir 2:** Guímid ar son ár múinteoirí, gur oidí ar nós Íosa a bheidh iontu agus go ndéanfaimid saothrú le chéile chun scoil Chaitliceach den scoth a bheith againn anseo. *A Thiarna éist linn.*

**Léitheoir 3:** Guímid ar son ár sagairt, ar son siúracha an pharóiste, ar son an uile dhuine a oibríonn ar mhaithe leis an bparóiste go mbeidh siad i gcónaí mar eiseamláir de ghrá Íosa dúinne. *A Thiarna éist linn.*

**Léitheoir 4:** Guímid ar son an uile dhuine atá ag obair sa scoil ionas go ndéanfaimid Corp Beo Chríost a thógáil lena chéile. *A Thiarna éist linn.*

**Léitheoir 5:** Guímid ar son na mac léinn uile atá sa scoil seo ionas go gcomhlíonfaimid an obair atá le déanamh againn féin maidir le grá Chríost a thabhairt ar domhan i rith na seachtaine seo agus i gcónaí. *A Thiarna éist linn.*

Anois déanaimid ár n-urnaí mar a d'iarr an Tiarna orainn.
**Ár nAthair ...**

**Treoraí:** A Thiarna Ghrámhar,
Cabhraigh linn cónaí de réir do thoil.
Cabhraigh linn obair lena chéile mar do Chorp, gníomhach inár saol
Cabhraigh linn grá a thaispeáint don uile dhuine lena mbuailimid, agus dóibh san ach go háirithe atá go mór dá éagmais. Cuirimid ár n-urnaí chugat trí Chríost ár dTiarna.
Áiméan.

**Treoraí:** Ar an mbealach amach dúinn, beannaímid sinn féin leis an uisce coisricthe mar chomhartha faoi go bhfuil fonn orainn feidhmiú mar Chorp Beo Chríost, gníomhach inár saol.

**Iomann:** Roghnaigh ceann de na hiomainn thuasluaite nó ceann ar bith eile atá oiriúnach.

**Nóta: Mura mbíonn ach uimhir bheag páistí agat cuir babhlaí uisce coisricthe ag an mbealach isteach chuig an ionad tionóil, ionas gur féidir le cách fíor na croise a ghearradh orthu féin. Má bhíonn lear mór páistí i láthair, bain úsáid as craobh phailme chun iad a bheannú le huisce.*



AN LUAN

# Corp Beo Chríost Gníomhach Inár mBailte Féin

**Déan machnamh ar fhocail an urnaí seo a scríobh Naomh Treasa Avila.**

*Níl corp ar bith ag Críost anois ar domhan, seachas do chorp féin,*

*Níl lámh ná cos ar domhan aige, seachas do chuidse*

*Is leatsa na súile lena mbreathnaíonn sé go comhbhách ar an domhan seo,*

*Is leatsa na cosa a iompraíonn é chun an mhaitheas a dhéanamh*


*Is leatsa na lámha lena gcuireann sé a bheannacht ar phobal an domhain.*

Cabhraíonn na focail seo tuiscint a bheith againn maidir leis an mbrí atá le bheith ag feidhmiú mar Chorp Chríost. Ní chónaíonn Críost féin ar domhan a thuilleadh. Ní féidir leis féin roinnt leis an mhuintir atá i ngátar, nó briathra na carthanachta a rá leis na daoine atá faoi bhrón. Ní féidir leis bheith istigh a bhronnadh ar na daoine imeallacha, ná bia a thairiscint dóibhsean atá ocrach. Dá bhrí sin bíonn Íosa ag brath orainne mar bhaill dá lucht leanúna, de chlann Dé, a leithéidí a dhéanamh. Seo é an fáth le gur féidir linn bheith mar Chorp Chríost.

I rith na seachtaine seo táimid chun sáriarracht a dhéanamh a chur ina luí ar an saol go bhfuil Íosa gníomhach inár measc. Cuirfimid tús le cúrsaí inniu nuair a dhéanaimid machnamh ar na bealaí ar fad inar féidir linn gníomhú mar Chorp Beo Chríost gníomhach sa teaghlach sa bhaile.

Cabhróidh an ghníomhaíocht atá ar leathanach 16 leat machnamh a dhéanamh ar na bealaí ar fad inar féidir leatsa feidhmiú mar Chorp Beo Chríost gníomhach sa bhaile.

**Ar na lámha thíos, tarraing nó déan cur síos ar na bealaí ina bhféadfá feidhmiú mar Chorp Chríost i d'áit chónaithe féin. Déan na smaointe a roinnt le do chairde sa rang.**



Tar éis ransú smaointe a dhéanamh eadraibh, pioc amach seacht ngníomhaíocht le do chairde, rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh sa bhaile. Breac síos na rudaí trí léaráid a tharraingt nó cur síos a dhéanamh orthu ar an leathanach seo a thabharfaidh tú abhaile leat. Cuir ceist ar dhuine sa bhaile an leathanach a shíniú le cruthú go ndearna tú Corp Beo Chríost gníomhach i d'áit chónaithe féin. Beir leat ar scoil é an tseachtain seo chugainn agus tabhair don mhúinteoir é le go bhfeicfear an méid a rinne tú.

# An Mháirt: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Scoil

## Is inniu a dhéanaimid ceiliúradh ar Lá Fhéile Naomh Eoin Bosco

Rugadh Naomh Eoin Bosco i mbaile Piedmont, i ngiorracht do Torino na hIodáile sa bhliain 1815. Ba eisean an duine ab óige de chlann de thriúr, agus ba bhuachaillí iad ar fad. Fuair a athair bás agus é dhá bhliain d'aois, agus is mar sin a thóg a mháthair Maighréad é féin agus a bheirt deartháir as a stuaim féin. Nuair a bhí Eoin fiche bliain d'aois, shocraigh sé ar bheith mar shagart. An obair is mó a rinne Eoin ná scoileanna a bhunú do bhuachaillí bochta a d'fhágtaí ar na sráideanna. Bhí sé thar a bheith deacair do na buachaillí seo a n-aird a choimeád ar obair na scoile. D'fhoghlaim Eoin go luath conas draíocht agus lámhchleasa a dhéanamh, agus bhain sé úsáid as na scileanna seo le go bhféadfadh na buachaillí aire a dhíriú agus foghlaim a dhéanamh. Ina dhiaidh sin chuir Eoin chuige agus scríobh sé leabhair do mhúinteoirí agus é ag iarraidh Soiscéal Dé a fhógairt. Is é Naomh Eoin Bosco éarlamh na hóige agus éarlamh chomh maith ar fhoilsitheoirí Caitliceacha ar nós Veritas, an chuideachta a d'fhoilsigh an clár *Beo go Deo*.



*NAOMH EOIN BOSCO AG SCRÍOBH*, TORINO, 1865/68, WIKIMEDIA COMMONS

Tá go leor duine eile a chabhraigh le daoine óga trí scoileanna a bhunú ionas go bhféadfaí oideachas a chur orthu. Rinneadh Corp Beo Chríost gníomhach sna scoileanna a bhunaigh siad de na daoine seo. Chabhraigh siad leis na buachaillí agus leis na cailíní a tháinig chucu bheith mar lámha agus mar shúile Chríost sa chomhluadar a bhí thart orthu.

**Déan grúpaí de 2 nó 3. Roghnaigh duine de na daoine a ainmnítear thíos agus déan taighde faoi nó fúithi. Cuir comhad fíricí nó cur i láthair le chéile leis an eolas seo, agus cuir os comhair an ranga é.**

- Catherine McAuley
- Naomh Iognáid Loyola
- Mary Ward
- Nano Nagle
- Éamann Beannaithe Rís
- Naomh Louise de Marillac
- Naomh Jean-Baptiste de La Salle



# Gabhaimid Buíochas as na Daoine a Dhéanann Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Scoil

Bíonn slua mór daoine a thugann aire dúinn agus a roinneann a gcuid ama agus a gcuid buanna linn. Cabhraíonn siad le go mbeidh Corp Beo Chríost gníomhach inár scoil.

Ar an scrolla thíos tarraing pictiúr nó scríobh na hainmneacha de na daoine a chabhraíonn leat a leithéid a dhéanamh ar scoil:



## Guímis Lena Chéile:

A Thiarna Dia, a Athair Uilechumhachtach,
Molaimid tú, gabhaimid buíochas leat, tugaimid glóir duit as ucht na mbronntanas a thug tú dúinn maidir leis na múinteoirí tréitheacha, na cúntóirí ranga agus an fhoireann ar fad a roinneann ár saol agus ár scéalta linn anseo ar scoil.

Táimid faoi chomaoin acu go ndéanann siad Corp Beo Chríost a fhógairt go gníomhach inár scoil. Beannaigh i gcónaí iad, agus an obair a dhéanann siad, agus deonaigh go mbeidh siad i gcónaí riamh dílis do do Shoiscéal. Áiméan.







# An Chéadaoin: Tionól Ceiliúrtha in Onóir dár Seantuismitheoirí

Bheadh an urnaí seo oiriúnach don rang aonair nó do thionól d'iomlán phobal na scoile

**De dhíth ort:**

- Treoraí leis an urnaí a stiúradh
- Leabhar aíonna a shíneoidh na Seantuismitheoirí é ar theacht isteach dóibh
- Seantuismitheoir agus páiste a lasfaidh an choinneal ag tús an tsearmanais urnaí
- Duine a léifidh an machnamh agus an léacht ó na Scrioptúir
- Ceathrar léitheoir le haghaidh Guí an Phobail

**Spás Beannaithe ina mbeidh:** Coinneal; Bíobla; Crosóg Bhríde agus spás chun pictiúir nó grianghraif na ndaoine nach bhfuil ar a gcumas bheith i láthair, a thaispeáint.

**Treoraí:** Cuirimis tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

## Lasadh an Choinneal

*Tabhair cuireadh do Sheantuismitheoir agus do gharpháiste teacht chun tosaigh agus an choinneal a lasadh. Is féidir leis an garpháiste an choinneal a choimeád a fhad is a lasann an Seantuismitheoir í.*

Cuireann lasadh an choinneal i gcuimhne dúinn Críost a bheith inár láthair, mórthimpeall orainn, trínn, linn agus ionainn. Gabhaimid buíochas as an solas a thugann Íosa chun an domhain ina mairimid, agus as an solas a léirímid dá chéile.

**Iomann:**

- 'Céad Míle Fáilte Romhat' (*Beo go Deo 3*)
- 'Pobal Chríost' (*Beo go Deo 7*)

**Treoraí:** Is lá ar leith é seo. Lá na Seantuismitheoirí atá ann agus tá áthas orainn gur tháinig an oiread sin Seantuismitheoirí inár láthair. Ba mhaith linn tréaslú libh agus ceiliúradh a dhéanamh as an tionchar a bhíonn agaibh ar shaol an phobail, agus ar shaol na ndaoine óg atá ina suí anseo in aice libh. Is daoine mór le rá sibhse i saol na ndaoine óg, agus tá meas nach beag acusan oraibhse. Éistimis anois agus léifear ainmneacha na Seantuismitheoirí atá inár láthair inniu.

## Glaoch na nAinmneacha

**Treoraí:** Tá roinnt Seantuismitheoirí nach féidir leo bheith inár láthair inniu. D'iarramar ar na leanaí grianghraif de na Seantuismitheoirí sin a thabhairt leo inniu agus tugaimid cuireadh anois dóibh teacht chun tosaigh agus na grianghraif sin a chur isteach sa Spás Beannaithe.

*A fhad is a bhíonn sé seo ag tarlú:*

**Treoraí:** Tá cuid Seantuismitheoirí a chónaíonn i bhfad uainn nach raibh ar a gcumas teacht anseo, tá daoine ann atá sa bhaile nó tinn in ospidéal, agus tá daoine eile atá ar shlí na fírinne. Iarraimid ar Dhia na Seantuismitheoirí nach bhfuil i láthair a bheannú, agus iad a chumhdach. Guímid go dtuigfidh siad go maith an grá atá againn dóibh.

**Treoraí:** Inniu Lá Fhéile Bríde, duine de phríomhéarlaimh na hÉireann. Canaimis iomann mar onóir di:

**Sing: Gabhaim Molta Bríde.**

(Veritas Hymnal)

**Treoraí:** A Thiarna Ghrámhar, chuir tú glao ar Naomh Bríd an grá a mhúineadh don saol mórthimpeall uirthi tríd an mbealach inar mhair sí. Thug sí aire do na daoine gátaracha, thug sí bia do na daoine ocracha, thug sí dídean do na daoine a bhí gan fothain. Deonaigh go mbeidh an spiorad flaithiúil céanna ionainn ar fad, ionas go léireoimid do ghrá don uile dhuine. Iarraimid é seo ort trí Chríost ár dTiarna.

Áiméan.

Éistimis anois le Briathar Dé an lae inniu.

**Léitheoir: Sliocht as litir Naomh Pól chuig na hEifisigh (Eif:3 14-19)**

Sin é an fáth a dtéim ar mo ghlúine i bhfianaise an Athar, óna n-ainmnítear gach clann ar neamh agus ar talamh. Go dtuga sé daoibh as ollmhaitheas a ghlóire go bhfaighidh sibh neart agus cumas inmheánach trína Spiorad, go gcónóidh Críost in bhur gcroí trí chreideamh, go mbeidh sibh préamhaithe agus bunaithe sa ghrá ar shlí go bhféadfaidh sibh féin agus na naoimh go léir fad agus leithead agus airde agus doimhneas [an ghrá] a thuiscint; go gcuirfidh sibh eolas ar ghrá Chríost atá os cionn tuisceana agus go líonfar sibh de líonmhaireacht iomlán Dé.

Sin é Briathar Dé.

## Guí an Phobail

**Treoraí:** Tá a fhios againn go maith go dtugann Dia cluas dár bpaidreacha i gcónaí, agus is mar sin a dhéanaimid urnaí le chéile ar maidin ...

**An Freagra ná:** *A Thiarna, Éist lenár nguí.*

**Léitheoir 1:** Guímid ar son na ndaoine a thugann aire dúinn, foireann na scoile, ár dtuismitheoirí, ár Seantuismitheoirí agus ár muintir ar fad. *Guímis chun an Tiarna*

**Léitheoir 2:** Guímis ar son ár n-oidí, go leanfaidh siad ag cabhrú linn bheith ag lorg na foirfeachta ionainn féin. *Guímis chun an Tiarna*

**Léitheoir 3:** Guímis ar son daoine óga an domhain, go maire siad in áiteanna ar scoil agus sa bhaile ina dtuigtear dóibh go mbíonn meas orthu agus go mbíonn grá á léiriú dóibh i gcónaí. *Guímis chun an Tiarna*

**Léitheoir 4:** Guímis ar son na ndaoine a fuair bás; tugaimid ár Seantuismitheoirí chun cuimhne ach go háirithe, agus aon duine a raibh cion againn orthu, go mbeidh síocháin ar dheaslámh Dé acu. *Guímis chun an Tiarna.*

**Treoraí:** Glacaimid leis na paidreacha seo agus le hurnaí ár gcroí agus déanaimid iad a ofráil do Dhia nuair a deirimid le chéile: **Ár nAthair ...**

## An Bheannacht Dheiridh

Agus muid ag imeacht ón áit seo tugaimid focail Eoin Pól II Beannaithe chun cuimhne:

'Imím uaibh anois agus an phaidir seo á rá agam:

go ndéanfaidh an Tiarna é féin a nochtadh don uile dhuine agaibh, go mbronnfaidh sé an neart oraibh dul amach i measc an phobail agus a fhógairt gur Críostaithe sibh. Go gcuirfidh sé ar bhur súile agaibh nach líonfar bhur gcroí riamh ina éagmais.

Glac leis an tsaoirse a bhronnann sé oraibh agus leis an fhírinne a fhógraíonn sé, agus bígí mar fhinnéithe air gur scaoileadh saor sibh agus gur slánaíodh sibh trí bhás agus trí aiséirí an Tiarna Íosa Críost.

Eispéireas nua a bheidh ann daoibh, eispéireas cumhachtach a ghinfidh sochaí chóir agus domhan cothrom tríbhse. Go mbeannaí Dia sibh, agus go mbeidh lúcháir Chríost i gcónaí le sonrú ionaibh.

Áiméan.'



# Corp Beo Chríost Gníomhach Inár bParóiste

## Lá Fhéile Bríde

Tá iliomad scéal éagsúil ann faoi Naomh Bríd agus bíonn sé deacair na finscéalta a aithint iontu. Deirtear linn gur rugadh í thart faoin mbliain 450 AD i bhFochaird, áit atá ó thuaidh ó Dhún Dealgan, i gContae Lú. Tá nasc chomh láidir sin ag an gceantar seo le Naomh Bríd go dtugtar Fochaird Bhríde air. Taoiseach págánach darb ainm Dubhtach ab ea athair Bhríde. Ba chime Críostaí í a máthair Brocca, agus is é Naomh Pádraig féin a bhaist í.

Duine caoin cineálta a bhí i Naomh Bríd. Nuair a bhí sí fásta go leor chuige, chabhraigh sí le haire a thabhairt do theach a hathar, agus is minic a bhronn sí bia agus éadaí a muintire uaithi do na bochtáin ghátaracha. Bhí ainm in airde ar Bhríd as ucht a flaithiúlacht do na bochtáin agus insítear i scéal amháin conas mar a thug sí stór ime a máthair ina iomláine uaithi, agus í ina páiste. Thuig sí go mbeifí anuas uirthi dá bharr, agus rinne sí guí go líonfaí an stór ime arís. Sin díreach an rud a tharla.

Tar éis tamaill shocraigh sí ar a saol a thiomnú i seirbhís Dé, agus in éineacht le seachtar mná óga eile bhunaigh sí clochar i gCill Dara. Bhí talamh dá comhluadar de dhíth uirthi agus chuaigh sí chuig Rí Laighean agus dúirt leis nach raibh ach an méid talún is a chlúdódh a fallaing ag teastáil uaithi. Leath an fhallaing amach agus níorbh fhada gur chlúdaigh sé an Currach ar fad. Ciallaíonn an t-ainm ‘Cill Dara’ séipéal an chrainn darach, agus is cosúil go raibh ionad ansin cheana féin ina ndearna na págánaigh a ndéithe siúd a adhradh. Deirtear go raibh tine naofa i gCill Dara nár lig na págánaigh d riamh dul i léig. Lean Bríd leis an ngnás seo agus de réir a chéile tuigeadh gur solas Chríost a bhí ann. Tá Solas Bhríde ar lasadh go fóill i gCill Dara. Faoin am a fuair Bríd bás thart faoin mbliain 525, bhí Cill Dara aitheanta mar ionad scoláireachta.

Bhíodh Bríd ag taisteal ar fud na tíre ina carbad. Creidtear go ndearna sí go leor daoine a chneasú trí mhíorúiltí a dhéanamh, leigheas sí na lobhair, thug sí labhairt na teanga do na balbháin. Tá scéalta ann a deir go ndearna sí uisce a iompú ina leann, nó go ndearna sí salann as cloch, agus tá cuid mhaith scéalta eile maidir leis an ngrá a léirigh sí do na hainmhithe. D’éirigh léi chomh maith daoine a scaoileadh ó bhraighdeanas. Baineann an scéal is iomráití fúithi leis an gcuairt a thug sí ar thaoiseach págánach a bhí i mbéal báis. A fhad is a bhí sí istigh ag guí, thóg sí luachair den talamh agus rinne sí iad a fhí i bhfoirm chroise. Nuair a bhí an fhíodóireacht ar siúl aici labhair sí leis an taoiseach agus mhínigh sí saol Íosa dó, agus conas mar a fuair sé bás ar an gcros. Baisteadh an taoiseach agus rinneadh Críostaí roimh bhás de.
Déantar Crosóga Bhríde i gcónaí in aghaidh na bliana ar Lá Fhéile Bríde.



**Corp Beo Chríost ina dúiche féin ab ea Bríd**
Roghnaigh na focail is fearr a dhéanann cur síos ar an mbealach ina raibh Bríd mar Chorp Beo Chríost gníomhach ina timpeallacht féin. Scríobh gach aon cheann de na focail in abairt a thugann breis eolais dúinn faoi Bhríd agus faoin misean a bhí roimpi bheith mar Chríost dá muintir féin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Carthanach | Leithleach | Comhbhách | Mífhreagrach |
| Cothaitheach | Éagórach | Grámhar | Athraitheach |
| Drochmheasúil | Cabhrach | Cumasach | Urnaitheach |

# Smaoinigh Air!

Conas a chabhródh scéal Naomh Bríd linne bheith ag feidhmiú mar Chorp Beo Chríost sa pharóiste?
Déan liosta.

An ndéanaimid rudaí cheana féin chun bheith mar Chorp Beo Chríost sa pharóiste?

Aimsigh na focail seo sa chuardach focal.
Cé mhéad de na himeachtaí seo a dhéanann tú féin nó duine ar bith eile sa pharóiste?

| | | |
|---|---|---|
| **DÍOL CÍSTÍ** | **AG CABHRÚ** | **BAILE SLACHTMHAR** |
| **CÓR EAGLASTA** | **AG URNAÍ** | **DEONACH** |
| **AN BRAT GLAS** | **FREASTALAÍ** | |

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B | P | S | N | L | A | G | U | R | N | A | Í | H | D | C |
| L | A | A | N | B | R | A | T | G | L | A | S | H | B | Ó |
| A | G | I | I | M | I | L | I | E | H | P | G | S | S | R |
| G | L | E | L | P | S | T | N | E | T | A | S | S | S | E |
| C | T | S | L | E | I | I | A | N | M | D | N | O | A | A |
| A | G | E | T | S | S | H | R | F | M | B | T | S | U | G |
| B | É | O | G | T | O | L | P | L | L | L | E | C | M | L |
| H | F | R | E | A | S | T | A | L | A | Í | P | S | H | A |
| R | Í | C | U | G | G | B | U | C | B | L | L | G | H | S |
| Ú | T | E | S | N | H | S | H | N | H | H | N | E | B | T |
| B | L | G | R | A | S | N | H | O | T | T | D | I | T | A |
| G | R | T | S | N | S | N | H | A | S | E | M | S | E | R |
| C | A | U | R | C | H | C | H | O | I | R | E | H | O | H |
| H | D | Í | O | L | C | Í | S | T | Í | P | M | R | A | P |
| P | N | O | N | N | H | H | D | E | O | N | A | C | H | R |

# An Déardaoin: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár dTír

## Éarlaimh

**Cad is Éarlamh ann?**
Is inné a rinneamar ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde, agus is ise ceann de thriúr príomhéarlamh na hÉireann. Is iad Naomh Pádraig agus Naomh Colm an bheirt eile. Roghnaítear naomh a bheith mar éarlamh chun cosaint a thabhairt dúinn nó sinn a choimeád slán ó bhaol. Bíonn éarlaimh ar eaglaisí ann, ar pharóistí, ar scoileanna, ar thíortha, ar ghalair, ar go leor shlite beatha. Má bhaineann tábhacht don chine daonna le gné ar bith den saol, bí cinnte faoi go bhféadfadh go bhfuil éarlamh ar an rud sin. Cuireadh tús leis an nós seo d'éarlaimh beagnach 1,700 bliain ó shin.

**Conas a Dhéantar Éarlamh de Dhuine?**
Is féidir leis an bPápa duine a ainmniú mar éarlamh, ach uaireanta roghnaíonn duine áirithe nó grúpa áirithe é nó í. Is gnách go ndéanfadh an duine sin, nó an grúpa sin, taighde ar shaol na naomh féachaint an bhfuil ceangail idir naomh ar bith agus an t-ábhar suime a bhaineann leo. Bhí an-chion ag Naomh Proinsias Assisi ar an nádúr, agus dá bhrí sin is eisean an t-éarlamh ar na héiceolaithe. Scríobhaí ab ea Naomh Proinsias de Sales, agus dá bhrí sin is eisean an t-éarlamh ar iriseoirí agus ar scríbhneoirí. Is é Naomh Aindrias, duine den dá aspal déag atá mar éarlamh ar Albain, toisc go ndeir na finscéalta linn gur ansin a cuireadh é.

### Déan Taighde:

- Cén naomh atá mar éarlamh ar do scoil féin, nó ar an bparóiste?
- Cén fáth ar roghnaíodh an naomh don phost seo ?
- An bhfuil gaol ag aon naomh eile le do pharóiste?
- Cén t-éarlamh atá ar an deoise?
- Roghnaigh éarlamh le haghaidh do ranga féin.
- Más rud é nár rugadh tusa nó duine de do thuismitheoirí in Éirinn, cén naomh atá mar éarlamh ar an tír sin.
- Cuir comhad fíricí le chéile maidir le roinnt de na naoimh a d'fhiosraigh tú.

## Ceangail an tÉarlamh leis an tír nó leis an obair cheart

| | |
|---|---|
| NAOMH AINDRIAS | ÉICEOLAITHE |
| NAOMH SEOIRSE | TEILIFÍS |
| NAOMH DÁIBHÍ | SASANA |
| NAOMH PROINSIAS ASSISI | SCORNACH THINN |
| NAOMH BLAISE | AN BHREATAIN BHEAG |
| NAOMH CLÁR | ALBAIN |

# Corp Beo Chríost Gníomhach Inár dTír


IEC 2012
AN CAOGADÚ
COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA EOCAIRISTEACH

Ar an 10–17 Meitheamh, 2012, déanfar an Caogadú Comhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach a cheiliúradh i mBaile Átha Cliath. Cruinneoidh Caitlicigh ó gach cearn den domhan anseo chomh maith le muintir na 26 deoise ar fud na tíre le freastal ar an gComhdháil. Is é an téama atá leis an gComhdháil ná 'An Eocairist, Comhpháirteachas le Críost agus Lena Chéile'.

Ciallaíonn an focal 'Eocairist' buíochas a ghabháil. Focal eile ar Chorp Chríost, an Chomaoineach Naofa atá ann.An féidir leat smaoineamh siar go dtí an t-am inar ghlac tú féin le Corp Chríost, an Chomaoineach Naofa den chéad uair? Cén chuimhne atá agat ar an lá úd? Déan cur síos air sa bhosca thíos.

Is sa bhliain 1932 a tionóladh an Chomhdháil Eocairisteach dheireanach a tharla sa tír seo. Tá go leor athruithe i bhfeidhm sa tír ó shin.Tá go leor athruithe tagtha ar an mbealach ina nglacaimid leis an gcéad Comaoineach Naofa freisin. Cuir agallamh ar Sheantuismitheoir nó ar dhuine aosta sa phobal maidir leis an mbealach inar ghlac siad leis an gComaoineach den chéad uair. Déan cur síos faoi sa bhosca thíos. Cuir i gcomparáid le do thaithí féin ansin é.

Tabhair cuairt ar www.iec.2012.ie chun breis eolais faoin gComhdháil Idirnáisiúnta Eocairisteach a fháil. Léifear Aifreann deiridh na Comhdhála darb ainm Statio Orbis i bPáirc an Chrócaigh ar an 17 Meitheamh 2012. Ar mhaith leatsa bheith i láthair le do mhuintir?




Íomhánna le caoinchead: Trócaire agus jackie@missionsocieties.ie

AN AOINE

# An Aoine: Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

## Lá Fhéile Naomh Blaise

I rith na seachtaine seo bhreathnaíomar ar na bealaí ina bhféadfaimis feidhmiú go gníomhach mar bhaill de Chorp Chríost sa bhaile, ar scoil, sa pharóiste agus sa tír ina iomláine. Inniu táimid chun machnamh a dhéanamh faoin mbealach ina bhféadfaimis comhoibriú lena chéile agus láithreacht Chríost a chur os comhair an domhain.

Inniu Lá Fhéile Naomh Blaise. Bain úsáid as na deilbheacha thíos chun a fháil amach conas a rinne Naomh Blaise a chuid féin de bheith mar Chorp Chríost gníomhach ar domhan.

|  |  |  |  |
|---|---|---|---|
| Blaise | sagart | Íosa | domhan |

Theastaigh ó  go ndéanfaí  de, toisc gur mhaith leis grá  a thabhairt ar . Ba mhaith leis go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil ról ag an uile dhuine againn bheith mar Chorp  gníomhach ar .

 ab ea Blaise, ach dochtúir a bhí ann chomh maith. Thuig sé gur leigheas  go leor daoine nach raibh ar fónamh. Theastaigh ó  a leithéid a dhéanamh freisin. Thuig sé gur ghlaoigh  air chun a bheith mar a lámha agus a chosa siúd ar .

Tá go leor eagraíochtaí eile ann a dhéanann obair Chorp Chríost ar fud an domhain i saol an lae inniu. Tá naisc idirlín ann do chuid acu thíos. Tabhair cuairt ar na suímh seo le do rang nó le do mhuintir sa bhaile, agus freagair na ceisteanna thíos.

Ag obair ar Son an Chirt ar Domhan

http://www.trocaire.org/

**Téigh go dtí an rannóg 'What We Do'**
**Cuir na focail san ord ceart chun cúig mhodh oibre Trócaire a thaispeáint.**

1. agus a chur le bochtaineacht Deireadh le hocras.
2. ar son chirt. Obair an
3. do mhná a thabhairt an domhain. Tacaíocht
4. ó a chur Athshlánú i bhfeidhm. thubaistí
5. le HIV. i ngleic Dul

http://www.wmi.ie/go/chc

**Téigh go dtí an rannóg 'Pray Together'**
**Líon na bearnaí chun urnaí an Mhisin a bheith agat.**
**Níl ach á agus o in easnamh.**

G__ r__inntear

Gr__ agus cairdeas

Ar ph__istí uile

An d__mhain

Agus g__ maire siad

Fa__i shí__cháin

I ngr__ Dé

An__is is i gcónaí. __iméan.

AN AOINE

# Suas Chugatsa!

Bíonn Trócaire agus Páistí ar son Pháistí ag déanamh a gcuid, ionas go mbeidh Corp Beo Chríost gníomhach inár saol. Cén obair is féidir leatsa a dhéanamh? Pioc ceann de na gníomhaíochtaí thíos, nó smaoinigh ar cheann as do stuaim féin.

**Is féidir liom Corp Beo Chríost a dhéanamh gníomhach sa saol mar seo ...**

- ○ Bailiúchán éadaí ar mhaithe le daoine gátaracha a dhéanamh
- ○ Níos mó eolais a bhailiú faoi charthanachtaí ar nós Trócaire agus Páistí ar son Pháistí
- ○ Guí ar son paistí agus teaghlaigh a chónaíonn faoi bhochtaineacht
- ○ Airgead ar mhaithe le carthanacht a bhailiú ar bhealaí suimiúla spraíúla
- ○ Cúrsaí a phlé le mo chairde, a mbeadh suim ag tíortha i mbéal forbartha iontu
- ○ Guí a dhéanamh ar son daoine a oibríonn chun an ceart a chur chun cinn ar domhan
- ○ ______________________________

Tá fócas againn inniu ar Chorp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol. Aithnítear an cine Éireannach mar chine cairdiúil, flaithiúil, comhbhách. Le blianta beaga anuas chuireamar fáilte roimh go leor cara nua a tháinig ó thíortha i gcéin chun na tíre seo. Gabhaimid buíochas le Dia as an gcairdeas a léiríonn siad, agus as na bronntanais a thugann siad chugainn. Is in éineacht lena chéile a bhímid ag feidhmiú mar Chorp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol.

Is féidir linn buíochas a ghabháil i dteangacha éagsúla. Nuair a deirimid an rud céanna ar bhealaí éagsúla, táimid ag feidhmiú mar Chorp Beo Chríost, agus ag léiriú go bhfuil ár gcuid féin le déanamh ag gach duine againn.

**Ceangail na teangacha ar dheis leis na frásaí ar clé.**

Gabhaimid buíochas in éineacht lena chéile, as an mbronntanas dá chéile a thíolaic Dia dúinn.

| | |
|---|---|
| ¡Gracias a Dios! | Gaeilge |
| Buíochas le Dia! | Fraincis |
| Salamat sa Diyos! | Filipínis |
| Merci Dieu! | Gearmáinis |
| Danke Gott! | Iodáilis |
| Ringrazio Dio | Laitvis |
| Paldies Dievam | Polainnis |
| Dzi kuj Bogu | Portaingéilis |
| Obrigado Deus | Sloivéinis |
| Hvala Bogu | Spáinnis |

# Tionól le Deireadh a chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha

**De dhíth ort:**

- Treoraí chun an tionól a stiúradh
- Dalta a léifeadh paidir Naomh Treasa mar atá thíos
- Cuid páistí a bheadh sásta an méid a rinneadar le go mbeadh Corp Beo Chríost gníomhach sa bhaile i rith na seachtaine seo a roinnt le các (féach leathanach 13)
- Spás Beannaithe ina bhfuil coinneal, Bíobla, Cros, agus uisce coisricthe ann
- CD nó ceol oiriúnach bheith ar fáil chun tionlacan a sholáthar le haghaidh ceann de na hiomainn seo:
  - 'Críost Liom' (*Beo go Deo 6*)
  - 'Corp Chríost' (*Beo go Deo 6*)

**Treoraí:** Bail ó Dhia oraibh ar maidin agus fáilte romhaibh chuig an tionól seo, a dhéanann deireadh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh. Tosaímid in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, Áiméan.

I dtosach báire, éistimis leis an phaidir a chum Naomh Treasa Avila:

**Léitheoir:** Níl corp ar bith ag Críost anois ar domhan, seachas do chorp féin,

Níl lámh ná cos ar domhan aige, seachas do chuidse

Is leatsa na súile lena mbreathnaíonn sé go comhbhách ar an domhan seo,

Is leatsa na cosa a iompraíonn é chun an mhaitheas a dhéanamh

Is leatsa na lámha lena gcuireann sé a bheannacht ar phobal an domhain.

**Treoraí:** Cabhraíonn na focail seo le tuiscint a bheith againn maidir leis an mbrí a bhaineann le Corp Chríost a thabhairt orainn féin. Bíonn Íosa ag brath orainne, a lucht leanúna, chun a ghrá a thabhairt ar domhan. I rith na seachtaine seo rinneamar sáriarracht a thabhairt le fios gur ionainne a bhíonn Críost gníomhach sa saol. Éistimis le cuid de na rudaí a rinneamar:

*[Ag an bpointe seo is féidir le páistí léargas a thabhairt maidir leis an méid a rinneadar. D'fhéadfá scanadh a dhéanamh ar na focail nó ar na pictiúir a rinneadar ar leathanach 16 agus iad a chur os comhair an tslua ar an teilgeoir digiteach.]*

**Treoraí:** Gabhaimid buíochas le Dia as an Scoil Chaitliceach seo, as an uile dhuine a oibríonn nó a fhoghlaimíonn inti. Déanaimid ár nguí go mbeimid i gcónaí ullamh le freagairt do ghlao Íosa ár gcuid a dhéanamh ar mhaithe lena Chorp beo bheith gníomhach sa saol seo. Guímis d'ár nAthair ar Neamh. **Ár nAthair ...**

**Treoraí:** Tá a fhios againn gur Corp Chríost ár gcorp féin. Is trínár gcorp a thugaimid grá Chríost ar an saol. Dá bhrí sin táimid chun lámha a chéile a bheannú, agus ceist a chur ar Dhia cabhrú linn ár lámha a úsáid lena chuid oibre a dhéanamh, ionas go dtabharfaimid a chuid grá ar an saol.

*[Cuir ceist ar na daltaí iompú i dtreo an té atá taobh leo, agus fíor na croise a ghearradh ar bhos na láimhe dá chéile. Iarr orthu na focail seo, nó focail atá ar aon dul leo a rá 'Bain úsáid as do lámha de réir mar a dhéanfadh Críost.']*

**Iomann:** Roghnaigh ceann de na hamhráin thuas, nó aon cheann eile a bheadh oiriúnach le canadh.



IEC 2012

## Corp Beo Chríost
## Gníomhach Inár Saol

29 Eanáir–4 Feabhra 2012

Gearr ar feadh na líne briste agus déan cumhdach le cur thart ar an gcoinneal urnaí. Bí cinnte faoin gcumhdach a bhaint sula dtagann an lasair anuas chomh fada leis.

## Corp Beo Chríost Gníomhach Inár Saol

Acmhainní do Phobal na Bunscoile: Baile, Scoil & Paróiste

29 Eanáir–4 Feabhra 2012